Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Nollaig 2020**
**(OR. en)**

**13441/20**

**AGRI 447**
**PESTICIDE 41**
**SEMENCES 16**
**AGRILEG 157**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gCoimisiún maidir leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an taithí a fuair na Ballstáit ar chur chun feidhme na spriocanna náisiúnta arna mbunú ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí<br>– *Formheas* |

1. An 20 Bealtaine 2020, an tráth céanna a ghlac sé an Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc", ghlac an Coimisiún Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an taithí a fuair na Ballstáit ar chur chun feidhme na spriocanna náisiúnta arna mbunú ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí (dá ngairtear '*tuarascáil SUD*' anseo feasta).

2. Is de bhun Airteagal 4(3) agus Airteagal 16 de Threoir 2009/128/CE ('*SUD*') a thíolactar an tuarascáil thuasluaite agus tá Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil léi.

3. Chuir an Coimisiún tuarascáil SUD faoi bhráid na Meithle um Cheisteanna Talmhaíochta (Lotnaidicídí/Táirgí Cosanta Plandaí) ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil an 22 Iúil 2020. Ar bhonn idirghabhálacha na dtoscaireachtaí agus ar bhonn na n-aighneachtaí i scríbhinn a chuir siad isteach ina dhiaidh sin, mhol Uachtaránacht na Gearmáine dréacht-téacs le haghaidh conclúidí ón gComhairle a scrúdaíodh agus a pléadh i dtrí fhíschomhdháil neamhfhoirmiúla a bhí ag comhaltaí na Meithle um Cheisteanna Talmhaíochta ina dhiaidh sin[1].

4. An 30 Samhain 2020, cuireadh an tríú dréacht-téacs athbhreithnithe de na conclúidí ón gComhairle faoi bhráid na dtoscaireachtaí trí nós imeachta an tosta, agus níor bhris toscaireacht ar bith é.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dheimhniú gur thángthas ar chomhaontú maidir le téacs na ndréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le tuarascáil SUD ón gCoimisiún a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[1] an 18 Meán Fómhair, an 30 Deireadh Fómhair agus an 27 Samhain 2020

Dréacht de na CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an
TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE ar an taithí a fuair na Ballstáit ar chur chun feidhme na spriocanna náisiúnta arna mbunú ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

Á MHEABHRÚ DI:

- An teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip][1];
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc" le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol][2];
- Conclúidí ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc"[3]
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030, Bringing nature back to our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol][4];
- Conclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal "Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach"[5]
- Conclúidí ón gComhairle an 1 Iúil 2020 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 5/2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Sustainable use of plant protection products: limited progress in measuring and reducing risks* [Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú];[6]

---

[1] COM(2019) 640 final
[2] COM(2020) 381 final
[3] 12099/20
[4] COM(2020) 380 final
[5] 12210/20
[6] 9334/20

- Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an Meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus ar Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí;[7]

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an taithí a fuair na Ballstáit ar chur chun feidhme na spriocanna náisiúnta arna mbunú ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí (SUD);

2. AONTAÍONN SÍ leis an gCoimisiún, go ndéantar soláthar, le reachtaíocht an Aontais maidir le lotnaidicídí, do cheann de na córais is déine ar domhan i dtaobh úsáid lotnaidicídí a údarú agus a rialú agus AITHNÍONN SÍ go bhféadfadh rioscaí agus guaiseacha a bheith ann don duine, d'ainmhithe agus don chomhshaol de dheasca úsáid táirgí cosanta plandaí;

2a. CUIREANN SÍ I dTREIS a riachtanaí atá sé measúnú tionchair a dhéanamh, sula ndéanfar athbhreithniú ar bith ar SUD i bhfianaise na mbeart agus na spriocanna a bheartaítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus sa Chomhbheartas Talmhaíochta amach anseo. Ba cheart a chuimsiú sa mheasúnú tionchair sin, ní hamháin na buntáistí atá ann do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus freisin don chomhshaol, ach lena chois sin, *inter alia*, bagairtí ó athruithe aeráide go háirithe maidir le leathadh lotnaidí nua, éifeachtaí ar úsáid talún, iomaíochas thalmhaíocht agus fheirmeacha teaghlaigh na hEorpa, slándáil an tsoláthair bia agus sábháilteacht bia; *(aistrithe ó mhír 6a)*

***Cur chun feidhme na Treorach agus na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta***

3. TACAÍONN SÍ le ról na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta i dtaobh SUD a chur chun feidhme, ach CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Choimisiún a chur san áireamh, agus meastóireacht á déanamh aige ar na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta, nach ón áit chéanna a thosaigh na Ballstáit a mhéid a bhain leis na struchtúir atá i bhfeidhm agus leis na ceanglais atá ann;

[7] 8268/20 + ADD 1

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé aird níos mó a thabhairt ar éagsúlacht na gcleachtas talmhaíochta agus feirmeoireachta ó cheann ceann an Aontais agus a thábhachtaí atá sé na dúshláin atá roimh na Ballstáit a aithint agus a bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta á bhforbairt acu;

5. MEASANN SÍ nach dtugtar forléargas iomlán i bhfionnachtana an Choimisiúin maidir leis na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta ar na bearta agus ar na beartais uile sna Ballstáit a bhaineann le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí (PPPanna), lena laghdaítear rioscaí agus lena gcuirtear i bhfeidhm phrionsabail IPM, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart beartais agus bearta breise, a bhfuil dlúthbhaint acu le SUD, a chur san áireamh freisin;

5a. GRÍOSAÍONN SÍ na Ballstáit le bearta a áireamh ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta lena ndéanfar beacha agus pailneoirí eile a chosaint;

6. CREIDEANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit le go n-éireoidh leo SUD a chur chun feidhme;

6a. […] (*aistrithe go mír 2a*)

***Bainistiú Comhtháite Lotnaidí***

7. AONTAÍONN SÍ le measúnú an Choimisiúin go bhfuil Bainistiú Comhtháite Lotnaidí (IPM) ar cheann de bhunchlocha SUD agus, ag an am céanna, ar cheann de na dúshláin is mó a bhaineann léi, agus go n-éilíonn sé aird níos mó ó na Ballstáit;

8. Mar sin féin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil éagsúlachtaí móra sna córais agus sna cleachtais a bhaineann leis an aeráid, leis an talmhaíocht agus leis an bhfeirmeoireacht i measc na mBallstát. Dá bhrí sin, TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR go bhféadfadh sé nach bhféadfaí IPM a chomhchuibhiú i gcás gach barr agus sna Ballstáit uile agus, mar gheall air sin, MOLANN SÍ do na Ballstáit treoirlínte barrshonracha a bhunú do gach Ballstát ionas gur fearr a bheidís in oiriúint do na cúinsí áitiúla;

9. AONTAÍONN SÍ le fionnachtain an Choimisiúin gur uirlisí tábhachtacha iad PPPanna ísealriosca, córais faireacháin lotnaidí, tacaíochtaí airgeadais, agus modhanna rialaithe neamhcheimiceacha, lena n-áirítear úsáid oibreán rialaithe bitheolaíoch, chun cur chun feidhme phrionsabail IPM a fheabhsú;

9a. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil an riosca ó tháirgí cosanta plandaí á laghdú cheana féin ag feirmeoirí trí phrionsabail IPM a chur i bhfeidhm (e.g. trí bhearta coisctheacha neamhcheimiceacha amhail uainíocht na mbarr, roghnú dáileachta talún, teicnící curaíochta, roghnú cineálacha plandaí);

10. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go n-éilítear oiriúnú agus infheistíocht leordhóthanach chun modhanna agus teicneolaíochtaí malartacha a thabhairt isteach ar leibhéal na feirme agus nár cheart go mbeadh ualach díréireach eacnamaíoch ar fheirmeoirí dá dheasca. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfear tuilleadh oiliúna a chur ar gheallsealbhóirí má táthar le IPM a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, agus go gcaithfear tuilleadh a dhéanamh i dtaobh na gcóras comhairleach chun tacú le feirmeoirí agus iad ag féachaint le roghanna malartacha ar tháirgí cosanta plandaí a chur i bhfeidhm;

11. Lena chois sin, ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur cheart ioncam cóir d'fheirmeoirí agus don tslándáil bia a chur san áireamh go leordhóthanach;

12. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AR an dúshlán a bhaineann le critéir inrialaithe a dhéanamh de phrionsabail IPM agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin;

*An taighde agus an nuálaíocht*

13. MOLANN SÍ go gcothódh na Ballstáit agus an Coimisiún tuilleadh taighde agus nuálaíochta spriocdhírithe, go háirithe i dtaca le IPM, agus CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá taighde príomhúil i réimse na gcleachtas agranamaíoch (neamhcheimiceach), modhanna nua lena n-áirítear maidir leis an acmhainneacht a bhaineann le teicnící pórúcháin plandaí, trealamh don chur i bhfeidhm agus córais faisnéise chun an t-eolas agus an taithí atá ann a chur ag obair go praiticiúil;

13a. MOLANN SÍ do thaighdeoirí agus do ghrúpaí taighde torthaí a gcuid taighde a roinnt chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur i bhfeidhm go pras sa chleachtas agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, dá bhrí sin, go gcaithfear bailiú agus scaipeadh torthaí tionscadal taighde maidir le cosaint inbhuanaithe plandaí a éascú ar leibhéal an Aontais;

*Táscairí comhchuibhithe riosca*

14. AITHNÍONN SÍ go bhfuil táscairí comhchuibhithe riosca bunaithe ag an gCoimisiún mar thúsphointe, táscairí a dtacaíonn na Ballstáit leo. TARRAINGÍONN SÍ AIRD, áfach, ar a dheacra atá sé conclúidí stóinseacha a dhéanamh, ar bhonn na dtáscairí sin, maidir le feidhmíocht Ballstáit i ndáil lena spleáchas ar PPPanna ceimiceacha a laghdú agus an riosca a bhaineann le húsáid PPPanna a laghdú de réir mar a cheanglaítear le SUD agus MOLANN SÍ go láidir go ndéanfaí tuilleadh oibre i dtaca leis sin tríd an obair a rinne na Ballstáit roimhe seo ina leith sin a chur san áireamh;

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ nach mór do na táscairí léiriú cruinn a thabhairt ar na rioscaí a eascraíonn as PPPanna a úsáid, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol á chur san áireamh;

*Formheas Substaintí Gníomhacha*

16. TACAÍONN SÍ leis na conclúidí ón gCoimisiún maidir leis an ngá atá ann dlús a chur leis na nósanna imeachta maidir le PPPanna ísealriosca a chur ar an margadh. Ba cheart, leis sin, go leathnófaí raon na substaintí ísealriosca agus na substaintí bunúsacha atá ar fáil, agus ar an gcaoi sin go ndéanfaí spleáchas na bhfeirmeoirí ar na substaintí gníomhacha is guaisí a laghdú. CUIREANN SÍ dTÁBHACHT, áfach, nár cheart le luathú na nósanna imeachta go mbeadh mar thoradh air nach mbeadh na measúnuithe riosca chomh críochnúil céanna a mhéid a bhaineann leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na substaintí comhfhreagracha agus ag na táirgí cosanta plandaí comhfhreagracha ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol.

*Oiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte*

17. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur uirlisí úsáideacha iad na cúrsaí oiliúna maidir le hOiliúint Níos Fearr le haghaidh Bia Níos Sábháilte (BTSF) chun smaointe, taithí agus meastóireacht ar chleachtais a roinnt fud fad na mBallstát agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE na buntáistí atá ann do rialtóirí foghlaim faoina bhfuil ar bun ag Ballstáit eile chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áirithe nó ar an méid atá á dhéanamh acu chun straitéisí náisiúnta a fhorbairt maidir le húsáid inbhuanaithe PPPanna agus MOLANN SÍ don Choimisiún a mharana a dhéanamh ar na téamaí a phléitear i gcúrsaí oiliúna BTSF a leathnú;

*An Mheitheal um SUD agus Tairseach Ghréasáin SUD*

18. TACAÍONN SÍ leis an obair a rinne an mheitheal um SUD mar shásra úsáideach chun cleachtais agus faisnéis maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme SUD a roinnt leis an gCoimisiún agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur taisclann úsáideach faisnéise í tairseach ghréasáin SUD.